Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2023/2143(DEC)

5.2.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)
(2023/2143(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Romana Tomc

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar chur chun feidhme bhuiséad AE don bhliain airgeadais 2022;

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar ghníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na bliana 2022 ar Ghníomhaíochtaí an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna;

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur dhearbhaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (an ‘Chúirt’) go bhfuil na hidirbhearta is bun le cuntais bhliantúla an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) don bhliain airgeadais 2022 dlíthiúil agus rialta agus go bhfuil léiriú cothrom iontu ar a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022;

2. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig méadú ar bhuiséad Cedefop don bhliain airgeadais 2022 go EUR 26 mhilliún (EUR 25 mhilliún in 2021) [1]; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur úsáid Cedefop an cistiú uile a bhí ar fáil dó, nach mór, chun 99.98% dá bhuiséad a chur chun feidhme;

3. á chur in iúl gur mór aici gníomhaíochtaí agus obair ar ardchaighdeán Cedefop, trína ndéantar taighde, anailísí agus comhairle theicniúil agus saineolas a sholáthar i mbeartais maidir leis an ngairmoideachais agus an ghairmoiliúint, i mbeartais maidir le cáilíochtaí agus i mbeartais maidir le scileanna d’fhonn oiliúint ardcháilíochta a chur chun cinn atá saincheaptha do riachtanais an duine aonair agus do riachtanais mhargadh an tsaothair á thabhairt chun suntais gur gá leanúint d’acmhainní daonna agus airgeadais leormhaithe a áirithiú ionas gur féidir leis an Lárionad a shainordú a chomhlíonadh agus leanúint dá chlár oibre a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí a thabhairt chun críche ar ráta ard;

4. á chur in iúl gur geal léi an obair a rinne an Lárionad chun cuidiú le hanailís a dhéanamh ar thionchar na paindéime agus an aistrithe dhigitigh ar chleachtais ghnó a oiriúnú do na réadúlachtaí nua i margadh saothair an Aontais, mar shampla tríd an Suirbhé Eorpach ar Chuideachtaí maidir le COVID-19 a rinneadh i gcomhar le Eurofound; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, ról an Lárionaid i ndáil le taighde ar neamhréir scileanna a thiomsú agus a scaipeadh; ag cur suntas, ina leith sin, i gcleachtaí fadbhreathnaitheachta scileanna earnála an Lárionaid, atá, uime sin, ina gcur chuige réamhbhreathnaitheach i leith tuiscint a fháil ar cé na próifílí scileanna a bhfuil gá leo

[1] Glacadh na figiúirí buiséid sin ó Thuarascáil Bhliantúil CIE ar ghníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022 agus tá siad bunaithe ar an líon iomlán leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil le linn na bliana airgeadais.

don dá aistriú;

5. á mheabhrú a thábhachtaí atá ról an Lárionaid i ndáil lena áirithiú go ndéanfar scileanna digiteacha a chomhtháthú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint ar fud an Aontais agus i ndáil le faireachán a dhéanamh ar chur cur chun feidhme agus tionchar na Moltaí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip, maidir leis an ngairmoideachas agus ghairmoiliúint le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, maidir leis an gcothroime shóisialta agus an athléimneachta, agus maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach;

6. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, mar gheall ar na rátaí arda boilscithe, agus an coigeartú gaolmhar ar thuarastail, agus freisin méaduithe ar thuarastail a bhí os cionn na réamh-mheastachán tosaigh mar aon le méadú ar an bhfachtóir ualúcháin, a bhí teorainn leis an tsolúbthacht chun acmhainní breise a fháil le haghaidh an phríomhghnó;

7. ag tréaslú le Cedefop as a thiomantas do Bhliain Eorpach na hÓige agus as imeacht na gcúig ghníomhaireacht dar teideal ‘Tús Áite don Aos Óg’ Beartais maidir le fostaíocht, beartais maidir le scileanna agus beartais shóisialta a théann chun tairbhe na nEorpach óg tráth éiginnteachta’, a reáchtáladh i bParlaimint na hEorpa i Meán Fómhair 2022, a stiúradh i dteannta Eurofound; á chur in iúl gur mór aici gur deis bhreise gurbh ea an t-imeacht chun plé a dhéanamh ar bheartais don óige agus freisin ar na deiseanna atá ann do dhaoine óga, agus na dúshláin atá le sárú acu, ó thaobh fostaíochta, dálaí oibre, dea-bhaile agus meabhairshláinte de;

8. á chur in iúl gur oth léi gur shuigh an Chúirt go raibh neamhréireachtaí ann maidir le híocaíocht na liúntas cothaithe laethúil a rinne Cedefop le beirt saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna) a bhí fostaithe ann; ag aithint gur shainaithin agus gur thaifead Cedefop na neamhrialtachtaí sin i gclárlann an neamhchomhlíonta agus gur chuir sé an méid sin ina cheart bunaithe ar chomhairle dhlíthiúil sheachtrach; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé d’aidhm ag an Lárionad a rialacha a leasú i dtreo is go bhféadfaidh aon SNI a chaithfidh a áit chónaithe a athrú agus dul chun cónaithe in Thessaloniki a bheith incháilithe chun liúntais a fháil, toisc go n-áiritheodh sé sin freisin go gcaithfí go cothrom le SNInna gan beann ar a náisiúntacht;

9. á chur in iúl gur oth léi gur shuigh an Chúirt, sna barúlacha uaithi ar an mbainistiú buiséadach, nach ndearnadh modh ríomha na ranníocaíochta a chur i bhfeidhm i gceart agus á iarraidh ar Cedefop feabhas a chur ar a nósanna imeachta inmheánacha ina leith sin;

10. ag moladh Cedefop as plean corparáideach a bhunú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus aeráidneodracht a oibríochtaí;

11. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil na gníomhaíochtaí uile i leith bharúlacha na Cúirte maidir le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2021 curtha i gcrích ag Cedefop;

12. á mholadh, ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil, go ndeonófaí urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Cedefop don bhliain airgeadais 2022.

ANNEX: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	11.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 36 –: 1 0: 2
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	João Albuquerque, Atidzhe Alieva-Veli, Dominique Bilde, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Jordi Cañas, David Casa, Leila Chaibi, Ilan De Basso, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Helmut Geuking, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Ádám Kósa, Katrin Langensiepen, Elena Lizzi, Sara Matthieu, Jozef Mihál, Max Orville, Dennis Radtke, Antonio Maria Rinaldi, Mounir Satouri, Monica Semedo, Eugen Tomac, Romana Tomc, Nikolaj Villumsen, Maria Walsh
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Catherine Amalric, Romeo Franz, Lina Gálvez Muñoz, José Gusmão
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Maria Noichl, Carina Ohlsson, Vera Tax

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

36	+
ECR	Chiara Gemma
NI	Ádám Kósa
PPE	David Casa, Jarosław Duda, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Radan Kanev, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Catherine Amalric, Jordi Cañas, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Jozef Mihál, Max Orville, Monica Semedo
S&D	João Albuquerque, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Estrella Durá Ferrandis, Lina Gálvez Muñoz, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Vera Tax
The Left	Leila Chaibi, José Gusmão, Nikolaj Villumsen
Verts/ALE	Romeo Franz, Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Mounir Satouri

1	-
ID	Dominique Bilde

2	0
ID	Elena Lizzi, Antonio Maria Rinaldi

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh